Na Scileanna Traschuraclaim a Mheasúnú

Curaclam
Thuaisceart Éireann

Tréithe Ginearálta
sa Chumarsáid
Eochairchéim 3 (Leibhéil 1–7)

Clár

Réamhrá 3

Éisteacht, Tuiscint agus Labhairt 5

Éisteacht, Tuiscint agus Labhairt: Rólghlacadh 6

Éisteacht, Tuiscint agus Labhairt: Cur i Láthair/Óráid 8

Éisteacht, Tuiscint agus Labhairt: Plé Grúpa 10

Léitheoireacht 13

Léitheoireacht: Freagairt do théacsanna liteartha, meáin éagsúla san áireamh 14

Léitheoireacht: Freagairt do théacsanna neamhliteartha, meáin éagsúla san áireamh 16

Léitheoireacht: Taighde 18

Scríbhneoireacht 21

Scríbhneoireacht Phearsanta/Scríbhneoireacht Reacaireachta 22

Scríbhneoireacht Fheidhmiúil/Scríbhneoireacht Idirbheartaíochta 24

Scríbhneoireacht Dhioscúrsach/Scríbhneoireacht Áititheach 26

Réamhrá

Tá an liosta seo de thréithe ginearálta curtha le chéile ag CCEA le cuidiú le múinteoirí measúnú a dhéanamh ar an Scil Traschuraclaim sa Chumarsáid. Tugtar liosta de na tréithe a mbeifeá ag súil leo ó na daltaí ag na leibhéil i dtascanna Cumarsáide.

Tá na tréithe ginearálta eagraithe ina naoi gcatagóir leathana, de réir an chineáil taisc atá ann.

Éisteacht, Tuiscint agus Labhairt

- Rólghlacadh
- Cur i Láthair/Óráid
- Plé Grúpa

Léitheoireacht

- Freagairt do théacsanna liteartha, meáin éagsúla san áireamh
- Freagairt do théacsanna neamhliteartha, meáin éagsúla san áireamh
- Taighde

Scríbhneoireacht

- Scríbhneoireacht Phearsanta/Scríbhneoireacht Reacaireachta
- Scríbhneoireacht Fheidhmiúil/Scríbhneoireacht Idirbheartaíochta
- Scríbhneoireacht Dhioscúrsach/Scríbhneoireacht Áititheach

Ní liosta uileghabhálach é seo agus ba cheart do mhúinteoirí na tréithe 'is fóirsteanaí' a roghnú. Mar shampla, is féidir le dalta litir a scríobh agus thiocfadh dó gur scríbhneoireacht dhioscúrsach/áititheach í nó gur scríbhneoireacht fheidhmiúil/idirbheartaíochta í, ag brath ar an chuspóir.

Agus tú ag baint úsáid as an Uirlis Scríofa Tascanna, le tasc a scríobh, is gá do mhúinteoirí an scil atá á measúnú a aithint, i.e. cumas an dalta litir a scríobh nó cumas an dalta a bheith áititheach. Cruthaítear tábla go huathoibríoch duit de na cineálacha tréithe a fhóireann go sonrach don tasc a roghnaigh tú. Déantar na tréithe a aithint a shainmhíníonn an cineál taisc ag gach ceann de na seacht leibhéal agus is féidir an tábla a úsáid mar scéim mharcála ar líne agus tú ag pleanáil na hoibre agus ag bronnadh leibhéil ar obair na ndaltaí.

Éisteacht, Tuiscint agus Labhairt

Éisteacht, Tuiscint agus Labhairt: Rólghlacadh

Cuspóir: smaointe, barúlacha agus faisnéis a chur i láthair, a léiríonn ionbhá le carachtar
Samplaí: tobchumadóireacht, diancheistiú (suíochán te), agallamh, srl.

Riachtanais	Leibhéal 1	Leibhéal 2	Leibhéal 3
Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:	**De ghnáth beidh daltaí ábalta:**	**De ghnáth beidh daltaí ábalta:**	**De ghnáth beidh daltaí ábalta:**
• **éisteacht le plé, míniúcháin, rólghlacadh agus cur i láthair, iad seo a thuiscint agus a bheith rannpháirteach iontu;**	• iad féin a iompar agus labhairt amhail is gur duine eile iad.	• iarracht a dhéanamh le linn rólghlacadh cloí leis an charachtar ar feadh an taisc iomláin, agus iad ag idirghníomhú le daoine eile a bhfuil ról comhlántach acu.	• ról a ghlacadh, cloí leis agus a dtuiscint a léiriú air trí bheith ag freagairt mar is cuí.
• **ráitis a thabhairt, ceisteanna a chur agus freagairt do dhearcthaí daoine eile;**	• labhairt ar an rólghlacadh agus freagraí a thabhairt ar cheisteanna simplí.	• mionphlé a dhéanamh ar an rólghlacadh agus freagraí a thabhairt ar cheisteanna.	• príomhphointí plé a leanúint agus cur leis an phlé le tuiscint a chur in iúl – agus iad ag ullmhú don rólghlacadh nó á mheas ina dhiaidh.
• **faisnéis, smaointe, barúlacha, mothúcháin agus samhluithe a chur in iúl ag úsáid stór focal atá ag leathnú;**	• stór focal óna n-eispéiris féin a úsáid le cur síos ar smaointe agus ar mhothúcháin.	• stór focal ginearálta a úsáid le smaointe, samhluithe agus barúlacha a chur in iúl.	• stór focal níos leithne/suimiúla a úsáid.
• **a gcuid cainte a struchtúrú le go dtuigfidh daoine eile a gcuid smaointe;**			• a bhfuil le rá acu a phleanáil agus iad ag ullmhú don rólghlacadh, sa dóigh go mbeidh struchtúr air agus le go dtuigfidh an duine atá ag éisteacht é.
• **labhairt go soiléir agus dóigheanna labhartha a oiriúnú don lucht éisteachta agus don chás;**	• labhairt go hinchloiste le go gcluinfear agus go dtuigfear iad.	• labhairt ar bhealach atá soiléir go leor le go gcluinfidh daoine eile iad agus le go mbainfidh siad ciall as a bhfuil á rá acu.	• friotal a úsáid i gcásanna éagsúla agus tuin a gcuid cainte a athrú dá réir.
• **dóigheanna neamhbhriathartha a úsáid le smaointe a chur in iúl agus le haird an éisteora a tharraingt.**	• teagmháil súl a dhéanamh ar mhaithe le tuiscint agus seal a ghlacadh i gcomhrá.	• comharthaíocht choirp a úsáid le rannpháirtíocht a chur in iúl.	• comharthaíocht choirp a úsáid agus iad ag idirghníomhú le daoine eile, lena bhfuil á rá acu a threisiú.

Leibhéal 4	Leibhéal 5	Leibhéal 6	Leibhéal 7
De ghnáth beidh daltaí ábalta:	**De ghnáth beidh daltaí ábalta:**	**De ghnáth beidh daltaí ábalta:**	**De ghnáth beidh daltaí ábalta:**
• ról a ghlacadh agus a gcuid smaointe féin a chur in iúl leis an charachtar a fhorbairt.	• iad féin a oiriúnú do chásanna éagsúla a bhíonn ag athrú trí bheith ag cloí le ról. • éisteacht go cúramach, ag tabhairt smaointe daoine eile faoi deara.	• ról suntasach a ghlacadh i gcásanna éagsúla trí ionchur frithghníomhach agus réamhghníomhach a bheith acu agus ionbhá a léiriú nuair is cuí.	• cur le plé i réimse de chásanna éagsúla go diongbháilte agus go muiníneach agus ionbhá shoiléir a léiriú nuair is cuí.
• cur le plé ar bhonn ábhartha agus idirghníomhú le daoine eile agus freagairt dóibh trí bheith ag cur lena bhfuil ráite cheana féin – agus iad ag ullmhú don rólghlacadh nó á mheas ina dhiaidh.	• ceisteanna ábhartha a chur a fhágann go bhfuil an tasc níos soiléire nó a chuidíonn lena fhorbairt – agus iad ag ullmhú don rólghlacadh nó á mheas ina dhiaidh.	• ceisteanna a úsáid go héifeachtach le dearcthaí daoine eile a shoiléiriú agus lena ndúshlán a thabhairt, agus iad ag léiriú tuiscint dá ndearcthaí ag an am céanna – agus iad ag ullmhú don rólghlacadh nó á mheas ina dhiaidh.	• castachtaí a bhaineann le mórcheist a cheistiú, a chur in iúl agus a ndúshlán a thabhairt go mothálach – agus iad ag ullmhú don rólghlacadh nó á mheas ina dhiaidh. • a bheith tuisceanach agus dearcthaí a chumasc le teacht ar chomhaontú le haghaidh cuspóir ar leith.
• stór focal a úsáid atá ábhartha don ról.	• na focail is cuí agus stór sainfhocal nó focail a bhfuil nasc acu le ról a roghnú agus a úsáid.	• teanga chruinn dhírithe a úsáid.	• stór focal a úsáid a léireoidh go bhfuil féith agus sofaisticiúlacht áirithe acu.
• a bhfuil le rá acu a phleanáil agus lucht éisteachta agus cuspóir á gcur san áireamh – agus iad ag ullmhú don rólghlacadh.	• a bhfuil le rá acu a chur in ord agus in eagar le go dtuigfidh daoine eile na smaointe acu gan stró – agus iad ag ullmhú don rólghlacadh.	• fianaise ar phróiseas pleanála a léiriú agus an t-ábhar a eagrú le go mbeidh an lucht éisteachta ábalta na pointí a nascadh – agus iad ag ullmhú don rólghlacadh.	• an t-ábhar a phleanáil agus a eagrú ar dhóigh úrnua leithleach a mbeidh éifeacht léi – agus iad ag ullmhú don rólghlacadh.
• aird an duine atá ag éisteacht a tharraingt trí úsáid chuí a bhaint as tuin, tuinairde, luas agus airde agus trí bhéim a chur ar fhocail d'aon ghnó lena threisiú cé chomh tábhachtach agus atá pointe.	• suim an duine atá ag éisteacht a tharraingt agus a choinneáil trína dtuin a oiriúnú.	• suim an duine atá ag éisteacht a choinneáil go comhfhiosach. • stór focal agus struchtúr abairtí a roghnú a rachaidh i bhfeidhm ar an duine atá ag éisteacht. • tuin agus luas a athrú.	• muinín agus comhsheasmhacht a léiriú trasna réimse leathan de theicnící teanga. • tuin agus luas a úsáid ar dhóigh éifeachtach.
• modhanna neamhbhriathartha a úsáid, mar shampla, sos a ghlacadh nó gotha gnúise nó comharthaíocht choirp a úsáid, le haird an duine atá ag éisteacht a tharraingt.	• modhanna neamhbhriathartha amhail gotha, staidiúir, dreach, gotha gnúise srl. a úsáid le suim an duine atá ag éisteacht a tharraingt agus a choinneáil.	• an modh neamhbhriathartha is cuí a roghnú le suim an duine atá ag éisteacht a choinneáil.	• réimse iomlán de mhodhanna neamhbhriathartha a úsáid d'aon turas le dul i bhfeidhm ar an duine atá ag éisteacht.

Éisteacht, Tuiscint agus Labhairt: Cur i Láthair/Óráid

Cuspóir: ar mhaithe le hinsint, le míniú, le cur síos a dhéanamh, le freagairt, le hargóint a dhéanamh nó le háitiú

Samplaí: cur i láthair aonair don rang, rannpháirtíocht i gcur i láthair grúpa nó i ngrúpa díospóireachta, óráid.

Riachtanais **Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:**	**Leibhéal 1** **De ghnáth beidh daltaí ábalta:**	**Leibhéal 2** **De ghnáth beidh daltaí ábalta:**	**Leibhéal 3** **De ghnáth beidh daltaí ábalta:**
• **éisteacht le plé, míniúcháin, rólghlacadh agus cur i láthair, iad seo a thuiscint agus a bheith rannpháirteach iontu;**	• ciall a bhaint as a bhfuil cluinte acu agus freagairt dó de réir mar is cuí.	• éisteacht le faisnéis i gcásanna coitianta agus a dtuiscint a léiriú le freagairt chuí.	• éisteacht le faisnéis ar leith a sainaithníodh roimh an tasc.
• **ráitis a thabhairt, ceisteanna a chur agus freagairt do dhearcthaí daoine eile;**		• cur i láthair a leanúint agus ceisteanna a chur le tuiscint a fhorbairt.	• príomhphointí gach cur i láthair a leanúint agus cur leis an phlé le tuiscint a chur in iúl.
• **faisnéis, smaointe, barúlacha, mothúcháin agus samhluithe a chur in iúl ag úsáid stór focal atá ag leathnú;**	• stór focal óna n-eispéiris féin a úsáid le cur síos ar smaointe agus ar mhothúcháin.	• teanga agus struchtúir abairtí a fhorbairt le go dtig leo labhairt ar a gcuid smaointe agus mothúchán.	• a mbarúlacha/smaointe a mhíniú agus stór focal níos leithne/ suimiúla in úsáid acu.
• **a gcuid cainte a struchtúrú le go dtuigfidh daoine eile a gcuid smaointe;**	• iarracht a dhéanamh labhairt ar a gcuid eispéireas féin.	• labhairt ar roinnt mionsonraí in ord a fhágann go bhfuil ciall leo.	• a bhfuil le rá acu a phleanáil, sa dóigh go mbeidh struchtúr air agus go dtuigfidh an duine atá ag éisteacht é.
• **labhairt go soiléir agus dóigheanna labhartha a oiriúnú don lucht éisteachta agus don chás;**	• labhairt go hinchloiste le go gcluinfear agus le go dtuigfear iad.	• labhairt ar bhealach atá soiléir go leor le go gcluinfidh daoine eile iad agus le go mbainfidh siad ciall as a bhfuil á rá acu.	• friotal a úsáid i gcásanna éagsúla agus tuin a gcuid cainte a athrú dá réir.
• **dóigheanna neamhbhriathartha a úsáid le smaointe a chur in iúl agus le haird an éisteora a tharraingt.**	• teagmháil súl a dhéanamh leis an lucht éisteachta.	• comharthaí coirp a úsáid le rannpháirtíocht a chur in iúl.	• comharthaíocht choirp a úsáid lena bhfuil á rá acu a threisiú.

Leibhéal 4	Leibhéal 5	Leibhéal 6	Leibhéal 7
De ghnáth beidh daltaí ábalta:	**De ghnáth beidh daltaí ábalta:**	**De ghnáth beidh daltaí ábalta:**	**De ghnáth beidh daltaí ábalta:**
• éisteacht go haireach. • achoimre a dhéanamh ar a bhfuil cluinte acu, ceisteanna a fhreagairt agus a bheith páirteach i bplé.	• a léiriú go dtig leo eolas ábhartha a shainaithint trína smaointe atá mar bhunchuid den chur i láthair/óráid a chur san áireamh.	• cineálacha éagsúla faisnéise ó réimse d'fhoinsí a phróiseáil, ag léiriú gur thuig siad na caolchúiseanna a bhí i gceist.	• cur le plé i réimse de chásanna éagsúla go diongbháilte agus go muiníneach.
• éisteacht le daoine eile agus freagairt dóibh trí dhearcthaí atá bunaithe ar a gcuid taithí/ eolais féin a chur in iúl.	• éisteacht go cúramach, ag tabhairt smaointe daoine eile faoi deara agus ceisteanna ábhartha a chur a fhágann go bhfuil an cur i láthair/óráid níos soiléire nó a chuidíonn lena fhorbairt.	• an méid a cuireadh in iúl a aithint, a dheimhniú agus a achoimriú. • ceisteanna a úsáid go héifeachtach le dearcthaí daoine eile a shoiléiriú agus lena ndúshlán a thabhairt, agus iad ábalta tuiscint a léiriú dá ndearcthaí ag an am céanna.	• na castachtaí a bhaineann le mórcheist a cheistiú, a chur in iúl agus a ndúshlán a thabhairt. • a bheith tuisceanach agus dearcthaí a chumasc le teacht ar chomhaontú le haghaidh cuspóir ar leith.
• faisnéis, smaointe agus barúlacha a mhíniú go soiléir agus stór focal cuí a úsáid.	• smaointe agus barúlacha a chur in iúl ar bhealach forbartha agus fáthanna a thabhairt. • na focail is cuí agus stór sainfhocal nó focail a bhfuil nasc acu le comhthéacs an chur i láthair/na hóráide a roghnú agus a úsáid.	• a gcuid smaointe agus barúlacha ar mhórcheisteanna níos casta a leathnú agus a fhorbairt agus iad ag baint úsáid as fianaise agus faisnéis ar leith le tacú lena ndearcadh. • teanga chruinn dhírithe a úsáid.	• a gcuid smaointe agus barúlacha ar mhórcheisteanna níos casta a leathnú agus a fhorbairt, agus fianaise agus faisnéis ar leith ó réimse d'fhoinsí éagsúla a chumasc le tacú lena ndearcadh. • stór focal a úsáid a léireoidh go bhfuil féith agus sofaisticiúlacht áirithe acu.
• a bhfuil le rá acu a phleanáil, agus lucht éisteachta agus cuspóir á gcur san áireamh acu.	• a bhfuil le rá acu a chur in ord agus in eagar le go dtuigfidh daoine eile na smaointe acu gan stró. • a gcuid smaointe a chur in iúl go soiléir agus intreoir agus conclúid acu nuair is gá.	• fianaise ar phróiseas pleanála a léiriú. • an t-ábhar a eagrú le go mbeidh an lucht éisteachta ábalta na pointí a nascadh.	• faisnéis chasta a struchtúrú ar dhóigh úrnua leithleach a mbeidh éifeacht léi.
• aird an duine atá ag éisteacht a tharraingt trí úsáid chuí a bhaint as tuin, tuinairde, luas agus airde agus trí bhéim a chur ar fhocail d'aon ghnó lena threisiú cé chomh tábhachtach agus atá pointe.	• suim an duine atá ag éisteacht a tharraingt agus a choinneáil trína dtuin a oiriúnú agus réimse de theicnící eile teanga a úsáid.	• suim an lucht éisteachta a choinneáil go comhfhiosach. • stór focal agus struchtúr abairtí a roghnú a rachaidh i bhfeidhm ar an duine atá ag éisteacht. • tuin agus luas a athrú.	• muinín agus comhsheasmhacht a léiriú trasna réimse leathan de theicnící teanga. • tuin agus luas a úsáid ar dhóigh éifeachtach.
• modhanna neamhbhriathartha a úsáid, mar shampla, sos a ghlacadh nó gotha gnúise nó comharthaíocht choirp a úsáid, le haird an duine atá ag éisteacht a tharraingt.	• modhanna neamhbhriathartha amhail gotha, staidiúir, dreach, gotha gnúise srl. a úsáid le suim an duine atá ag éisteacht a tharraingt agus a choinneáil.	• an modh neamhbhriathartha is cuí a roghnú le suim an duine atá ag éisteacht a choinneáil.	• réimse iomlán de mhodhanna neamhbhriathartha a úsáid d'aon turas le dul i bhfeidhm ar an duine atá ag éisteacht.

Éisteacht, Tuiscint agus Labhairt: Plé Grúpa

Cuspóir: ar mhaithe le hinsint, le míniú, le cur síos a dhéanamh, le háitiú agus le hargóint a dhéanamh

Samplaí: grúpaí neamhfhoirmiúla ranga ag plé gné ar bith d'aonad oibre, grúpaí ranga ag freagairt d'ábhar spreagtha le cás a dhéanamh agus b'fhéidir comhaontú/cinneadh grúpa sa deireadh.

Riachtanais **Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:**	**Leibhéal 1** **De ghnáth beidh daltaí ábalta:**	**Leibhéal 2** **De ghnáth beidh daltaí ábalta:**	**Leibhéal 3** **De ghnáth beidh daltaí ábalta:**
• **éisteacht le plé, míniúcháin, rólghlacadh agus cur i láthair, iad seo a thuiscint agus a bheith rannpháirteach iontu;**	• an méid atá á mhíniú dóibh a leanúint agus a bheith páirteach i bplé simplí.	• príomhphointí comhrá agus míniúchán a shainaithint. • éisteacht le faisnéis i gcásanna coitianta agus a dtuiscint a léiriú le freagairt chuí.	• éisteacht le daltaí agus aird a dhíriú ar fhaisnéis ar leith a fháil, faisnéis a sainaithníodh roimh an tasc agus a dtuiscint a léiriú air trí bheith ag freagairt mar is cuí.
• **ráitis a thabhairt, ceisteanna a chur agus freagairt do dhearcthaí daoine eile;**	• ceisteanna simplí a chur nuair ba mhaith leo eolas ar leith a fháil agus freagraí bunúsacha a thabhairt ar cheisteanna.	• éisteacht le daoine eile i mbun plé agus a gcuid smaointe féin a chur chun tosaigh. Ligeann siad do dhaoine eile labhairt gan cur isteach orthu agus déanann siad sealaíocht. • ceisteanna a chur agus a fhreagairt le tuiscint a fhorbairt.	• príomhphointí plé a leanúint agus cur leis an phlé le tuiscint a chur in iúl, ceisteanna a chur agus a fhreagairt ar mhaithe le tuiscint iomlán a bhaint amach.
• **faisnéis, smaointe, barúlacha, mothúcháin agus samhluithe a chur in iúl ag úsáid stór focal atá ag leathnú;**	• stór focal simplí óna n-eispéiris féin a úsáid le cur síos ar smaointe agus ar mhothúcháin.	• teanga agus struchtúir abairtí a fhorbairt le go dtig leo labhairt ar a gcuid smaointe agus mothúchán agus a mbarúlacha a chur in iúl.	• a mbarúlacha/smaointe a mhíniú agus an fáth a bhfuil dearcadh ar leith acu ar ábhar nó ar mhórcheist a rá. • a bheith páirteach i bplé agus stór focal níos leithne/suimiúla in úsáid acu.
• **a gcuid cainte a struchtúrú le go dtuigfidh daoine eile a gcuid smaointe;**			• a bhfuil le rá acu a phleanáil sa dóigh go mbeidh struchtúr air agus le go dtuigfidh an grúpa é.
• **labhairt go soiléir agus dóigheanna labhartha a oiriúnú don lucht éisteachta agus don chás;**	• labhairt go hinchloiste le go gcluinfear agus le go dtuigfear iad.	• labhairt ar bhealach atá soiléir go leor le go gcluinfidh daoine eile iad agus le go mbainfidh siad ciall as a bhfuil á rá acu.	• friotal a úsáid i gcásanna éagsúla agus an tuin chainte a athrú dá réir.
• **dóigheanna neamhbhriathartha a úsáid le smaointe a chur in iúl agus le haird an éisteora a tharraingt.**	• teagmháil súl a dhéanamh ar mhaithe le tuiscint agus seal a ghlacadh i gcomhrá.	• comharthaíocht choirp a úsáid le rannpháirtíocht a chur in iúl.	• comharthaíocht choirp a úsáid agus iad ag idirghníomhú le daoine eile, lena bhfuil á rá acu a threisiú.

Leibhéal 4	Leibhéal 5	Leibhéal 6	Leibhéal 7
De ghnáth beidh daltaí ábalta:	**De ghnáth beidh daltaí ábalta:**	**De ghnáth beidh daltaí ábalta:**	**De ghnáth beidh daltaí ábalta:**
• an aird chéanna a thabhairt ar gach duine atá ag labhairt agus a bheith aireach le linn na gníomhaíochta iomláine. • achoimre a dhéanamh ar a bhfuil cluinte acu, ceisteanna a fhreagairt agus a bheith páirteach i bplé.	• freagairt do na heochairphointí a bhaineann leis an phlé. • a léiriú go dtig leo eolas ábhartha a shainaithint trína smaointe atá mar bhunchuid den tasc a chur san áireamh.	• éisteacht le faisnéis chasta agus bríonna intuigthe a shainaithint, trí ionchur réamhghníomhach a bheith acu leis an phlé a chur chun cinn.	• cur le plé go sainiúil agus go muiníneach. • tús a chur le plé agus daoine eile a spreagadh le bheith páirteach ann.
• éisteacht le daoine eile agus freagairt dóibh trí dhearcthaí atá bunaithe ar a gcuid taithí/ eolais féin a chur in iúl. • ráitis a dhéanamh leis an phlé a leathnú amach agus a bheith ag cur lena bhfuil ráite cheana féin.	• éisteacht go cúramach, ag tabhairt smaointe daoine eile faoi deara agus a gcuid smaointe féin a achoimriú. • ceisteanna ábhartha a chur a fhágann go bhfuil an tasc níos soiléire nó láidreachtaí, laigí nó teorainneacha i mbarúlacha daoine eile a thaispeáint.	• an méid a cuireadh in iúl a aithint, a dheimhniú agus a achoimriú. • ceisteanna a úsáid go héifeachtach le dearcthaí daoine eile a shoiléiriú agus lena ndúshlán a thabhairt, agus iad ábalta tuiscint a léiriú dá ndearcthaí ag an am céanna.	• na castachtaí a bhaineann le mórcheist a cheistiú, a chur in iúl agus a ndúshlán a thabhairt. • a bheith tuisceanach agus dearcthaí a chumasc le teacht ar chomhaontú le haghaidh cuspóir ar leith.
• a gcuid smaointe a fhorbairt agus teanga níos tuairisciúla a úsáid nuair is cuí. • stór focal atá ábhartha don phlé a úsáid.	• smaointe agus barúlacha a chur in iúl ar bhealach forbartha agus fáthanna a thabhairt. • na focail is cuí agus stór sainfhocal nó focail a bhfuil nasc acu le comhthéacs an taisc a roghnú agus a úsáid.	• a gcuid smaointe agus barúlacha ar mhórcheisteanna níos casta a leathnú agus a fhorbairt agus iad ag baint úsáid as fianaise agus faisnéis ar leith le tacú le hargóint. • úsáid a bhaint as teanga chruinn dhírithe.	• a gcuid smaointe agus barúlacha ar mhórcheisteanna níos casta a leathnú agus a fhorbairt, agus fianaise agus faisnéis ar leith ó réimse d'fhoinsí éagsúla a chumasc le tacú le hargóint. • stór focal a úsáid a léireoidh go bhfuil féith agus sofaisticiúlacht áirithe acu.
• a bhfuil le rá acu a phleanáil, agus lucht éisteachta agus cuspóir á gcur san áireamh acu.	• a bhfuil le rá acu a chur in ord agus in eagar go loighiciúil le go dtuigfidh daoine eile na smaointe acu gan stró. • a gcuid smaointe a chur in iúl go soiléir agus intreoir agus conclúid acu nuair is gá.	• an t-ábhar a eagrú le go mbeidh an lucht éisteachta ábalta na pointí a nascadh leis an phlé.	• faisnéis chasta a chur in iúl trína míniú do dhaoine eile ar dhóigh úrnua.
• aird an duine atá ag éisteacht a tharraingt trí úsáid chuí a bhaint as tuin, tuinairde, luas agus airde agus trí bhéim a chur ar fhocail d'aon ghnó lena threisiú cé chomh tábhachtach agus atá pointe.	• suim an ghrúpa a tharraingt agus a choinneáil trína dtuin a oiriúnú.	• suim an ghrúpa a choinneáil go comhfhiosach. • stór focal agus struchtúr abairtí a roghnú a rachaidh i bhfeidhm ar an lucht éisteachta. • tuin agus luas a athrú.	• muinín agus comhsheasmhacht a léiriú trasna réimse leathan de theicnící teanga – agus iad i mbun plé. • tuin agus luas a úsáid ar dhóigh éifeachtach.
• modhanna neamhbhriathartha a úsáid, mar shampla, sos a ghlacadh nó gotha gnúise nó comharthaíocht choirp a úsáid, le haird an ghrúpa a tharraingt.	• modhanna neamhbhriathartha amhail gotha, staidiúir, dreach, gotha gnúise srl. a úsáid le suim an ghrúpa a tharraingt agus a choinneáil.	• an modh neamhbhriathartha is cuí a roghnú le suim an ghrúpa a choinneáil.	• réimse iomlán de mhodhanna neamhbhriathartha a úsáid d'aon turas le dul i bhfeidhm ar an duine atá ag éisteacht.

Léitheoireacht

Léitheoireacht: Freagairt do théacsanna liteartha, meáin éagsúla san áireamh

Cuspóir: tuiscint agus suim a léiriú agus anailís a dhéanamh
Samplaí: úrscéalta, gearrscéalta, drámaí, filíocht, scríbhneoireacht phearsanta, téacsanna i meáin éagsúla.

Riachtanais **Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:**	**Leibhéal 1** **De ghnáth beidh daltaí ábalta:**	**Leibhéal 2** **De ghnáth beidh daltaí ábalta:**	**Leibhéal 3** **De ghnáth beidh daltaí ábalta:**
• **réimse de théacsanna a léamh ar mhaithe le faisnéis, smaointe agus sult;**	• a thuiscint gur féidir ciall a bhaint as pictiúir, as íomhánna agus as téacsanna. • teachtaireachtaí a chuirtear in iúl le focail, le frásaí agus le habairtí simplí a thuiscint.	• imeachtaí agus faisnéis a thuiscint agus a athinsint agus seicheamh a dhéanamh dá réir.	• príomhphointí a aithint, a thuiscint agus seicheamh a dhéanamh dá réir. • athinsint a dhéanamh ina bhfocail féin le cruinneas ginearálta, agus a dtuiscint ar na príomhphointí i dtéacs a chur in iúl.
• **réimse de straitéisí a úsáid le léamh le neamhspleáchas atá ag méadú;**	• a thuiscint gur d'fhuaimeanna agus siollaí a dhéantar focail agus go léirítear fuaimeanna le litreacha. • réamheolas agus pictiúir a úsáid le ciall a bhaint as téacs, comhthéacs agus comhréir a úsáid le tuartha a dhéanamh faoi fhocail agus an chomhfhreagairt idir fuaimeanna agus siombailí a úsáid.	• réimse straitéisí a úsáid agus iad ag léamh téacsanna faoi threoir agus go neamhspleách.	• straitéisí léitheoireachta a roghnú agus a úsáid go neamhspleách.
• **faisnéis a aimsiú, a roghnú agus a úsáid ó réimse foinsí;**	• leideanna radhairc a úsáid le faisnéis a aimsiú.	• faisnéis a roghnú le ceisteanna a fhreagairt. • eolas bunúsach ar an aibítir a úsáid agus leideanna amhairc a úsáid le faisnéis a aimsiú.	• gnéithe eagrúcháin a úsáid le faisnéis a aimsiú agus a fháil.
• **smaointe, imeachtaí agus gnéithe i dtéacsanna a thuiscint agus a fhiosrú;**	• labhairt ar théacsanna agus focail amhail 'clúdach', 'leathanaigh', agus 'údar/scríbhneoir' in úsáid acu.	• roinnt foirmeacha agus gnéithe de théacs a aithint.	• a thuiscint go mbaineann gnéithe ar leith le cineálacha éagsúla téacsanna. • tátail shimplí a bhaint as téacs, ag tabhairt rudaí áirithe faoi deara nach ndéanann an t-údar/scríbhneoir tagairt dhíreach dóibh.
• **fianaise ó théacsanna a úsáid le barúlacha a mhíniú.**	• labhairt leis an mhúinteoir faoina bhfuil léite acu agus a dtuiscint a léiriú.	• ceisteanna a chur le soiléiriú a iarraidh agus tuiscint a fhorbairt. • a léiriú go dtuigeann siad a bhfuil léite acu trína mbarúlacha air a chur in iúl agus trí thuar a dhéanamh ar an chéad rud eile a tharlóidh.	• ceisteanna a chur agus a fhreagairt le tuiscint a leathnú. • barúil a chur in iúl ar a bhfuil léite acu agus fáthanna a thabhairt.

Leibhéal 4	Leibhéal 5	Leibhéal 6	Leibhéal 7
De ghnáth beidh daltaí ábalta:	**De ghnáth beidh daltaí ábalta:**	**De ghnáth beidh daltaí ábalta:**	**De ghnáth beidh daltaí ábalta:**
• tuiscint a léiriú trí eolas a shainaithint agus a achoimriú agus athinsint a dhéanamh ar na pointí tábhachtacha.	• na príomhtheachtaireachtaí i dtéacs a achoimriú nó a aistriú trí shonraí nó chodanna fóirsteanacha den téacs a roghnú lena dtuiscint a léiriú.	• mionsonraí an téacs a scrúdú lena léiriú go bhfuil tuiscint dhírithe acu ar a bhfuil léite acu agus ar an dóigh ar cuireadh an teachtaireacht in iúl.	• mionsonraí an téacs a scrúdú lena léiriú go bhfuil tuiscint dhírithe acu ar a bhfuil léite acu agus ar an dóigh ar cuireadh an teachtaireacht in iúl.
• léamh go neamhspleách.	• téacsanna atá ag éirí níos casta a léamh go neamhspleách.	• téacsanna atá ag éirí níos casta a léamh go neamhspleách.	• téacsanna atá ag éirí níos casta a léamh go neamhspleách.
• faisnéis ábhartha a aimsiú agus í a úsáid mar is cuí.	• faisnéis ábhartha a aimsiú agus í a úsáid mar is cuí.	• faisnéis ábhartha a aimsiú agus í a úsáid mar is cuí.	• faisnéis ábhartha a aimsiú agus í a úsáid mar is cuí.
• príomhghnéithe a aithint agus an bhaint atá acu le foirm agus cuspóir a thuiscint. • léirbhríonna a thuiscint agus cumas a léiriú brí intuigthe a aithint.	• trácht go cuí ar a bhfuil scríofa agus ar an dóigh ar scríobhadh agus ar cuireadh le chéile é. • naisc a dhéanamh idir foirm, spriocghrúpa agus cuspóir. • fo-théacs a shainaithint agus a mhíniú agus trácht ar dhearcadh an scríbhneora ar a (h)ábhar.	• teicnící éagsúla a bhíonn in úsáid ag scríbhneoirí le dul i bhfeidhm ar an spriocghrúpa a shainaithint agus trácht a dhéanamh orthu. • spriocghrúpa agus cuspóir beartaithe an údair a shainaithint agus trácht éigin a dhéanamh orthu.	• teicníc scríbhneora a anailísiú agus a dtuiscint ar an teicníc a léiriú. • trácht go mion ar éifeacht bheartaithe na teicníce ar an spriocghrúpa.
• barúlacha a chur in iúl go soiléir agus fáthanna a thabhairt a bhfuil machnamh déanta acu orthu.	• tagairt a dhéanamh do chodanna ar leith agus do chodanna ábhartha den téacs le tacú lena a gcuid barúlacha.	• na mionsonraí is éifeachtaí a roghnú ón téacs lena mbarúlacha nó lena dtátail a chosaint.	• a léiriú go bhfuil tuiscint mhaith acu ar an téacs trí fhianaise a roghnú go cúramach le tacú leis na tátail a bhain siad as.

Léitheoireacht: Freagairt do théacsanna neamhliteartha, meáin éagsúla san áireamh

Cuspóir: tuiscint agus suim a léiriú, téacs a mheas agus anailís a dhéanamh air
Samplaí: bileoga, ailt, tuairiscí, litreacha, téacsanna i meáin éagsúla san áireamh.

Riachtanais **Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:**	**Leibhéal 1** **De ghnáth beidh daltaí ábalta:**	**Leibhéal 2** **De ghnáth beidh daltaí ábalta:**	**Leibhéal 3** **De ghnáth beidh daltaí ábalta:**
• **réimse de théacsanna a léamh ar mhaithe le faisnéis, smaointe agus sult;**	• a thuiscint gur féidir ciall a bhaint as pictiúir, as íomhánna agus as téacsanna. • teachtaireachtaí a chuirtear in iúl le focail, le frásaí agus le habairtí simplí a thuiscint.	• faisnéis a thuiscint, a athinsint agus seicheamh a dhéanamh dá réir.	• príomhphointí a aithint, a thuiscint agus seicheamh a dhéanamh dá réir. • athinsint a dhéanamh ina bhfocail féin le cruinneas ginearálta, agus a dtuiscint ar na príomhphointí i dtéacs a chur in iúl.
• **réimse de straitéisí a úsáid le léamh le neamhspleáchas atá ag méadú;**	• a thuiscint gur d'fhuaimeanna agus siollaí a dhéantar focail agus go léirítear fuaimeanna le litreacha. • réamheolas agus pictiúir a úsáid le ciall a bhaint as téacs, comhthéacs agus comhréir a úsáid le tuartha a dhéanamh faoi fhocail agus an chomhfhreagairt idir fuaimeanna agus siombailí a úsáid.	• réimse straitéisí a úsáid agus iad ag léamh téacsanna faoi threoir agus go neamhspleách.	• straitéisí léitheoireachta a roghnú agus a úsáid go neamhspleách.
• **faisnéis a aimsiú, a roghnú agus a úsáid ó réimse foinsí;**	• leideanna radhairc a úsáid le faisnéis a aimsiú.	• faisnéis a roghnú le ceisteanna a fhreagairt. • eolas bunúsach ar an aibítir a úsáid agus leideanna amhairc a úsáid le faisnéis a aimsiú.	• gnéithe eagrúcháin a úsáid, ord aibítre san áireamh, le faisnéis a aimsiú agus a fháil.
• **smaointe, imeachtaí agus gnéithe i dtéacsanna a thuiscint agus a fhiosrú;**	• labhairt ar théacsanna agus focail amhail 'clúdach', 'bileog', 'fógraí' agus 'údar/scríbhneoir' in úsáid acu.	• roinnt foirmeacha agus gnéithe de théacs a aithint.	• a thuiscint go mbaineann gnéithe ar leith le cineálacha éagsúla téacsanna. • tátail shimplí a bhaint as téacs, ag tabhairt rudaí áirithe faoi deara nach ndéanann an t-údar/scríbhneoir tagairt dhíreach dóibh.
• **fianaise ó théacsanna a úsáid le barúlacha a mhíniú.**	• labhairt leis an mhúinteoir faoina bhfuil léite acu agus a dtuiscint a léiriú.	• ceisteanna a chur le soiléiriú a iarraidh agus tuiscint a fhorbairt. • barúlacha a chur in iúl agus tuartha a dhéanamh.	• ceisteanna a chur agus a fhreagairt le tuiscint a leathnú. • barúil a chur in iúl ar a bhfuil léite acu agus fáthanna a thabhairt.

Leibhéal 4	Leibhéal 5	Leibhéal 6	Leibhéal 7
De ghnáth beidh daltaí ábalta:	**De ghnáth beidh daltaí ábalta:**	**De ghnáth beidh daltaí ábalta:**	**De ghnáth beidh daltaí ábalta:**
• tuiscint a léiriú trí eolas a shainaithint agus a achoimriú agus athinsint a dhéanamh ar na pointí tábhachtacha.	• na príomhtheachtaireachtaí i dtéacs a achoimriú nó a aistriú trí shonraí nó chodanna fóirsteanacha den téacs a roghnú lena dtuiscint a léiriú.	• mionsonraí an téacs a scrúdú lena léiriú go bhfuil tuiscint dhírithe acu ar a bhfuil léite acu agus ar an dóigh ar cuireadh an teachtaireacht in iúl.	• mionsonraí an téacs a scrúdú lena léiriú go bhfuil tuiscint dhírithe acu ar a bhfuil léite acu agus ar an dóigh ar cuireadh an teachtaireacht in iúl.
• léamh go neamhspleách.	• téacsanna atá ag éirí níos casta a léamh go neamhspleách.	• téacsanna atá ag éirí níos casta a léamh go neamhspleách.	• téacsanna atá ag éirí níos casta a léamh go neamhspleách.
• faisnéis ábhartha a aimsiú agus í a úsáid mar is cuí.	• faisnéis ábhartha a aimsiú agus í a úsáid mar is cuí.	• faisnéis ábhartha a aimsiú agus í a úsáid mar is cuí.	• faisnéis ábhartha a aimsiú agus í a úsáid mar is cuí.
• príomhghnéithe a aithint agus an bhaint atá acu le foirm agus cuspóir a thuiscint. • léirbhríonna a thuiscint agus cumas a léiriú brí intuigthe a aithint.	• trácht go cuí ar a bhfuil scríofa agus ar an dóigh ar scríobhadh agus ar cuireadh le chéile é – mar shampla leagan amach, íomhánna agus dath – íomhánna gluaisteacha agus fuaim san áireamh nuair is cuí. • naisc a dhéanamh idir foirm, spriocghrúpa agus cuspóir. • fo-théacs a shainaithint agus a mhíniú agus trácht ar dhearcadh an scríbhneora ar a (h)ábhar. • fíric agus barúil a shainaithint agus idirdhealú a dhéanamh eatarthu.	• teicnící éagsúla a bhíonn in úsáid ag scríbhneoirí le dul i bhfeidhm ar an spriocghrúpa a shainaithint agus trácht a dhéanamh orthu – mar shampla leagan amach, íomhánna agus dath a chuimsíonn íomhánna gluaisteacha agus fuaim nuair is cuí. • spriocghrúpa agus cuspóir beartaithe an údair a shainaithint agus trácht éigin a dhéanamh orthu. • argóint a leanúint agus aithint nuair a bhíonn scríbhneoir ag iarraidh dul i bhfeidhm ar an léitheoir ar bhealach claonta d'aonturas.	• teicníc scríbhneora a anailísiú agus a dtuiscint ar an teicníc a léiriú – mar shampla leagan amach, íomhánna agus dath – íomhánna gluaisteacha agus fuaim san áireamh nuair is cuí. • trácht go mion ar éifeacht bheartaithe na teicníce ar an spriocghrúpa.
• barúlacha a chur in iúl go soiléir agus fáthanna a thabhairt a bhfuil machnamh déanta acu orthu.	• tagairt a dhéanamh do chodanna ar leith agus do chodanna ábhartha den téacs le tacú lena a gcuid barúlacha.	• na mionsonraí is éifeachtaí a roghnú ón téacs lena mbarúlacha nó lena dtátail a chosaint.	• a léiriú go bhfuil tuiscint mhaith acu ar an téacs trí fhianaise a roghnú go cúramach le tacú leis na tátail a bhain siad as.

Léitheoireacht: Taighde

Cuspóir: faisnéis a aimsiú, a roghnú agus a mheas agus tuiscint a léiriú tríd an fhaisnéis a úsáid go cuí faoi choinne cuspóir ar leith

Samplaí: ciclipéid, ailt, bileoga, litreacha, tuairiscí, téacsanna i meáin éagsúla, acmhainní idirlín agus cláir faisnéise san áireamh.

Riachtanais **Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:**	**Leibhéal 1** **De ghnáth beidh daltaí ábalta:**	**Leibhéal 2** **De ghnáth beidh daltaí ábalta:**	**Leibhéal 3** **De ghnáth beidh daltaí ábalta:**
• **réimse de théacsanna a léamh ar mhaithe le faisnéis, smaointe agus sult;**	• a thuiscint gur féidir ciall a bhaint as pictiúir, as íomhánna agus as téacsanna. • teachtaireachtaí a chuirtear in iúl le focail, le frásaí agus le habairtí simplí a thuiscint.	• faisnéis a thuiscint, a athinsint agus seicheamh a dhéanamh dá réir.	• príomhphointí a aithint, a thuiscint agus seicheamh a dhéanamh dá réir. • athinsint a dhéanamh ina bhfocail féin le cruinneas ginearálta, agus a dtuiscint ar na príomhphointí i dtéacs a chur in iúl.
• **réimse de straitéisí a úsáid le léamh le neamhspleáchas atá ag méadú;**	• a thuiscint gur le fuaimeanna agus siollaí a dhéantar focail agus go léirítear fuaimeanna le litreacha. • réamheolas agus pictiúir a úsáid le ciall a bhaint as téacs, comhthéacs agus comhréir a úsáid le tuartha a dhéanamh faoi fhocail agus an chomhfhreagairt idir fuaimeanna agus siombailí a úsáid.	• réimse straitéisí a úsáid agus iad ag léamh téacsanna faoi threoir agus go neamhspleách.	• straitéisí léitheoireachta a roghnú agus a úsáid go neamhspleách.
• **faisnéis a aimsiú, a roghnú agus a úsáid ó réimse foinsí;**	• leideanna radhairc a úsáid le faisnéis a aimsiú.	• faisnéis a roghnú le ceisteanna a fhreagairt. • eolas bunúsach ar an aibítir a úsáid agus leideanna amhairc a úsáid le faisnéis a aimsiú.	• gnéithe eagrúcháin a úsáid, ord aibítre san áireamh, le faisnéis a aimsiú agus a fháil.
• **smaointe, imeachtaí agus gnéithe i dtéacsanna a thuiscint agus a fhiosrú;**	n/b	n/b	n/b
• **fianaise ó théacsanna a úsáid le barúlacha a mhíniú.**	• labhairt leis an mhúinteoir faoina bhfuil léite acu agus a dtuiscint a léiriú.	• ceisteanna a chur le soiléiriú a iarraidh agus tuiscint a fhorbairt. • a léiriú go dtuigeann siad a bhfuil léite acu trína mbarúlacha air a chur in iúl.	• ceisteanna a chur agus a fhreagairt le tuiscint a leathnú. • barúil a chur in iúl ar a bhfuil léite acu agus fáthanna a thabhairt.

Leibhéal 4	Leibhéal 5	Leibhéal 6	Leibhéal 7
De ghnáth beidh daltaí ábalta:	**De ghnáth beidh daltaí ábalta:**	**De ghnáth beidh daltaí ábalta:**	**De ghnáth beidh daltaí ábalta:**
• tuiscint a léiriú trí eolas a shainaithint agus a achoimriú agus athinsint a dhéanamh ar na pointí tábhachtacha.	• na príomhtheachtaireachtaí i dtéacs a achoimriú nó a aistriú trí shonraí nó chodanna fóirsteanacha den téacs a roghnú lena dtuiscint a léiriú.	• mionsonraí an téacs a scrúdú lena léiriú go bhfuil tuiscint dhírithe acu ar a bhfuil léite acu.	• mionsonraí an téacs a scrúdú lena léiriú go bhfuil tuiscint dhírithe acu ar a bhfuil léite acu.
• léamh go neamhspleách.	• téacsanna atá ag éirí níos casta a léamh go neamhspleách.	• téacsanna atá ag éirí níos casta a léamh go neamhspleách.	• téacsanna atá ag éirí níos casta a léamh go neamhspleách.
• faisnéis a chuardach ar dhóigh phleanáilte dhírithe. • cinneadh a dhéanamh ar cad é atá ábhartha i dtaca leis an topaic de agus é sin a úsáid nó a aistriú ar dhóigh atá fóirsteanach don chuspóir.	• faisnéis a chuardach agus a aimsiú ó réimse d'fhoinsí éagsúla le haghaidh cuspóir ar leith. • an fhaisnéis a eagrú agus í a úsáid nó a aistriú de réir mar is cuí.	• faisnéis ó réimse d'fhoinsí a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht. • ceisteanna a chur le cáilíocht na faisnéise a dhearbhú lena húsáideacht agus lena hoiriúnacht a mheas. • an fhaisnéis a chur in oiriúint don spriocghrúpa agus don chuspóir.	• idirdhealú a dhéanamh idir na foinsí éagsúla, ag aithint ábharthacht, iontaofacht agus chruinneas na faisnéise. • faisnéis a chumasc ó réimse d'fhoinsí, ag tabhairt peirspictíochtaí éagsúla le chéile. • na peirspictíochtaí seo a nascadh le riar ar spriocghrúpa agus ar chuspóir ar leith.
n/b	n/b	n/b	n/b
• barúlacha a chur in iúl go soiléir agus fáthanna a thabhairt a bhfuil machnamh déanta acu orthu.	• fianaise a úsáid le barúlacha a mhíniú agus le conclúid a dhéanamh.	• go leor fianaise cuí a úsáid lena smaointe agus lena mbarúlacha a chosaint.	• barúlacha a fhorbairt agus a leathnú, bunaithe ar fhaisnéis a roghnaíodh go maith.

Scríbhneoireacht

Scríbhneoireacht Phearsanta/Scríbhneoireacht Reacaireachta

Cuspóir: ar mhaithe le scéalaíocht, cur síos, machnamh a dhéanamh agus le go mbainfeadh daoine sult as
Samplaí: scéal, script, litir neamhfhoirmiúil agus sliocht as dialann.

Riachtanais **Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:**	**Leibhéal 1** **De ghnáth beidh daltaí ábalta:**	**Leibhéal 2** **De ghnáth beidh daltaí ábalta:**	**Leibhéal 3** **De ghnáth beidh daltaí ábalta:**
• **labhairt ar obair, í a phleanáil agus a chur in eagar;**	• labhairt leis an mhúinteoir nó lena gcomhdhaltaí faoin rud ba mhaith leo a chur in iúl ina gcuid scríbhneoireachta.	• labhairt leis an mhúinteoir nó lena gcomhdhaltaí faoin rud ba mhaith leo a chur in iúl ina gcuid scríbhneoireachta agus an fhoirm a úsáidfidh siad. • spreagthaí scríbhneoireachta a fhóireann don tasc a phlé. • dul siar agus aird a thabhairt ar ghné ar leith scríbhneoireachta a comhaontaíodh a bheith tábhachtach a sheiceáil, ag déanamh athruithe de réir mar is cuí, abairtí a thosú le ceannlitir, mar shampla, agus iad a chríochnú le lánstad.	• spreagthaí scríbhneoireachta a úsáid le pleanáil a dhéanamh agus tabhairt faoin phleanáil a léiriú ina gcuid scríbhneoireachta. • athruithe a dhéanamh lena gcuid oibre a fheabhsú.
• **faisnéis, brí, mothúcháin, samhluithe agus smaointe a chur in iúl ar dhóigh shoiléir eagraithe;**	• úsáid a bhaint as siombailí, pictiúir, focail, frásaí nó abairtí simplí lena dteachtaireacht a chur in iúl.	**Struchtúr** • ciall áirithe don struchtúr agus don eagrú a léiriú. **Stór focal** • scríobh ar a n-eispéiris féin, agus stór focal ábhartha a úsáid lena gcuid smaointe agus mothúchán a chur in iúl.	**Struchtúr** • a gcuid scríbhneoireachta a struchtúrú mar is cuí, mar shampla, tús, lár agus deireadh a bheith ann. **Stór focal** • a gcuid smaointe, mothúchán, barúlacha agus tuairimí a chur in iúl ar thopaicí nach mbaineann go díreach lena n-eispéireas féin. • stór focal cuí atá ag méadú a úsáid, a chuireann míniú agus cur síos breise ar fáil, rud a fhágann go bhfuil a gcuid scríbhneoireachta níos suimiúla don léitheoir.
• **smaointe a fhorbairt, a chur in iúl agus i láthair i bhfoirmeacha agus i bhformáidí éagsúla, agus acmhainní traidisiúnta agus digiteacha in úsáid le haghaidh spriocghrúpaí agus cuspóirí difriúla;**		• scríobh i bhfoirm áirithe, de réir threoir an mhúinteora agus riachtanais an taisc.	• scríobh i bhfoirm áirithe agus riachtanais na gcritéar ratha a chomhlíonadh de réir mar a aontaíodh leis an mhúinteoir iad.
• **scríobh le cruinneas agus le hoilteacht atá ag méadú.**	• a léiriú go bhfuil smacht éigin acu ar mhéid, cruth agus treoshuíomh litreacha cás íochtair agus litreacha cás uachtair. **Litriú** • a gcuid eolais ar na fuaimeanna atá ag litreacha a úsáid le tabhairt faoi fhocail a scríobh. • focail a fheiceann siad agus a úsáideann siad go minic a scríobh.	• a léiriú go bhfuil smacht acu ar phróiseas fisiceach na peannaireachta agus go scríobhann siad ar dhóigh inar féidir a gcuid oibre a léamh go furasta. **Litriú** • scríobh ar dhóigh a fhágann gur féidir focail choitianta a bhfuil mílitriú iontu a léamh agus a thuiscint toisc iad a bheith inléite ó thaobh na foghraíochta de, *madadh*, mar shampla, a bheith scríofa mar *madú*. **Poncaíocht** • ceannlitreacha agus lánstadanna a úsáid.	• peannaireacht a dhéanamh go cruinn agus ar cóimhéid. **Litriú** • straitéisí éagsúla litrithe agus a gcuid eolais ar chúrsaí fónaice a úsáid le focail a litriú mar is ceart. • áiseanna a úsáid le litriú a sheiceáil más gá. **Poncaíocht** • ceannlitreacha, lánstadanna, comharthaí ceiste agus comharthaí uaillbhreasa a úsáid. **Struchtúr abairtí** • tús a chur le habairtí ar bhealaí éagsúla le go mbeidh an scríbhneoireacht níos suimiúla agus le hathrá a sheachaint. **Gramadach** • gramadach bhunúsach a úsáid amhail 'Rinne mé'/'Ní dhearna mé'. • abairtí a scríobh agus iad ag baint úsáid chuí as briathra, ainmfhocail, aidiachtaí agus dobhriathra.

Leibhéal 4	Leibhéal 5	Leibhéal 6	Leibhéal 7
De ghnáth beidh daltaí ábalta:	**De ghnáth beidh daltaí ábalta:**	**De ghnáth beidh daltaí ábalta:**	**De ghnáth beidh daltaí ábalta:**
• a gcuid scríbhneoireachta a phleanáil agus úsáid a bhaint as an phlean agus iad ag scríobh. • a gcuid scríbhneoireachta a fheabhsú, aiseolas a chur san áireamh agus machnamh a dhéanamh ar chruinneas na ngnéithe seo a leanas: ábhar, brí, litriú, poncaíocht, gramadach agus struchtúr na n-abairtí.	• a gcuid scríbhneoireachta a phleanáil agus úsáid a bhaint as an phlean agus iad ag scríobh. • a gcuid oibre a athdhréachtú, aiseolas a chur san áireamh agus feabhsuithe a dhéanamh ar ábhar, friotal, litriú, poncaíocht, gramadach agus struchtúr na n-abairtí. Is féidir go mbeidh feabhsuithe ar an struchtúr agus ar an ábhar le sonrú fosta.	• a gcuid scríbhneoireachta a phleanáil agus úsáid a bhaint as an phlean agus iad ag scríobh. • scríbhneoireacht a athdhréachtú go neamhspleách ar mhaithe le héifeacht, agus an teanga agus an struchtúr atá roghnaithe acu a chosaint.	• a gcuid scríbhneoireachta a phleanáil agus úsáid a bhaint as an phlean agus iad ag scríobh. • mar chuid den phróiseas eagarthóireachta, focail agus frásaí áirithe a roghnú agus a úsáid go comhfhiosach le dul i bhfeidhm ar an léitheoir/an lucht léite.
Struchtúr • a gcuid scríbhneoireachta a eagrú sa dóigh go sreabhann sí go soiléir. **Stór focal** • smaointe, mothúcháin, barúlacha agus tuairimí a chur in iúl, ag tabhairt fáthanna nuair is cuí. • brí a chur in iúl go soiléir, stór focal cuí agus leibhéal cuí mionsonraí in úsáid.	**Struchtúr** • paragraif a eagrú go soiléir agus iad a úsáid nuair is cuí. **Stór focal** • stór focal cruinn a úsáid le smaointe a chur in iúl go soiléir. • saibhreas teanga a úsáid agus nathanna cainte dúchasacha a fhí isteach ina gcuid scríbhneoireachta. • stór focal a úsáid go samhlaíoch. (Píosaí sínte scríbhneoireachta de ghnáth)	**Struchtúr** • struchtúr a úsáid ar mhaithe le héifeacht bheartaithe. **Stór focal** • stór focal sofaisticiúil a úsáid ó am go chéile. • saibhreas teanga agus nathanna cainte dúchasacha a úsáid go cuí. • a gcuid smaointe agus a gcuid barúlacha a fhorbairt go héifeachtach, agus iad dírithe ar an ábhar agus iad a chur i láthair ionas gur suim leis an léitheoir iad.	**Struchtúr** • struchtúr a úsáid go samhlaíoch le héifeacht ar leith nó tionchar ar leith a imirt. **Stór focal** • stór focal sofaisticiúil a úsáid. • saibhreas teanga agus nathanna cainte dúchasacha a úsáid go héifeachtach. • a gcuid smaointe agus a gcuid barúlacha a fhorbairt go muiníneach, éifeachtach, ionas go dtéann siad i bhfeidhm ar an léitheoir agus scil á léiriú acu.
• foirm atá fóirsteanach do lucht léite agus do chuspóir na scríbhneoireachta a roghnú agus a úsáid.	• scríbhneoireacht a mheaitseáil le cuspóir agus spriocghrúpa agus faisnéis a chur i láthair go héifeachtach, stíl fhoirmiúil a úsáid san áit chuí.	• tuiscint ar an spriocghrúpa agus ar an chuspóir a léiriú go soiléir, agus an fhoirm a úsáid go cuí agus ar mhaithe le héifeacht. • stíl agus ton a úsáid go cuí ar mhaithe le héifeacht ar leith.	• tuiscint ar an spriocghrúpa agus ar an chuspóir a léiriú go soiléir, agus an fhoirm a úsáid go cuí le dul i bhfeidhm ar an léitheoir. • stíl, ton agus cur i láthair a mheaitseáil agus a ionramháil le téacs suntasach a scríobh.
Litriú • litriú cruinn a úsáid bunús an ama. • formhór na bhfocal coitianta a litriú. **Poncaíocht** • réimse níos leithne poncaíochta a úsáid, camóga, uaschamóga agus comharthaí athfhriotail san áireamh. **Struchtúr abairtí** • ord na bhfocal a athrú agus focail nasctha a úsáid in abairtí. **Gramadach** • gramadach chruinn a úsáid bunús an ama. • aimsirí a úsáid mar is cuí taobh istigh den fhoirm scríbhneoireachta roghnaithe.	**Litriú** • focail choitianta chomh maith le roinnt focal neamhchoitianta a litriú mar is ceart. **Poncaíocht** • réimse de chomharthaí poncaíochta coitianta a roghnú agus a úsáid go cruinn seasta ar dhóigh a thacaíonn le brí na scríbhneoireachta. **Struchtúr abairtí** • fad agus struchtúr na n-abairtí a athrú le brí a chur in iúl go soiléir. **Gramadach** • gnásanna na gramadaí a chur i bhfeidhm.	**Litriú** • focail choitianta agus roinnt focal níos casta a litriú go cruinn. **Poncaíocht** • poncaíocht a úsáid go cruinn agus go seasta ar mhaithe le héifeacht. **Struchtúr abairtí** • fad agus struchtúr abairtí a athrú d'aon turas ar mhaithe le héifeacht nó le ciall a threisiú. **Gramadach** • gnásanna na gramadaí a chur i bhfeidhm.	**Litriú** • focail choitianta agus focal níos casta a litriú go cruinn. **Poncaíocht** • poncaíocht a úsáid go cruinn agus go seasta le tionchar a imirt. **Struchtúr abairtí** • fad agus struchtúr abairtí a athrú d'aon turas le tionchar a imirt. **Gramadach** • gnásanna na gramadaí a chur i bhfeidhm.

Scríbhneoireacht Fheidhmiúil/Scríbhneoireacht Idirbheartaíochta

Cuspóir: ar mhaithe le míniúcháin, eolas, agus treoir a thabhairt

Samplaí: litir fhoirmiúil, tuairisc, alt, bileog.

Riachtanais **Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:**	Leibhéal 1 **De ghnáth beidh daltaí ábalta:**	Leibhéal 2 **De ghnáth beidh daltaí ábalta:**	Leibhéal 3 **De ghnáth beidh daltaí ábalta:**
• **labhairt ar obair, í a phleanáil agus a chur in eagar;**	• labhairt leis an mhúinteoir nó lena gcomhdhaltaí faoin rud ba mhaith leo a chur in iúl ina gcuid scríbhneoireachta.	• labhairt leis an mhúinteoir nó lena gcomhdhaltaí faoin rud ba mhaith leo a chur in iúl ina gcuid scríbhneoireachta agus an fhoirm a úsáidfidh siad. • spreagthaí scríbhneoireachta a fhóireann don tasc a phlé. • dul siar agus aird a thabhairt ar ghné ar leith scríbhneoireachta a comhaontaíodh a bheith tábhachtach a sheiceáil, ag déanamh athruithe de réir mar is cuí.	• spreagthaí scríbhneoireachta a úsáid le pleanáil a dhéanamh agus tabhairt faoin phleanáil a léiriú ina gcuid scríbhneoireachta. • athruithe a dhéanamh lena gcuid oibre a fheabhsú.
• **faisnéis, brí, mothúcháin, samhluithe agus smaointe a chur in iúl ar dhóigh shoiléir eagraithe;**	• úsáid a bhaint as siombailí, pictiúir, focail, frásaí nó abairtí simplí lena dteachtaireacht a chur in iúl.	Struchtúr • ciall áirithe don struchtúr agus don eagrú a léiriú. Stór focal • scríobh ar a n-eispéiris féin, agus stór focal ábhartha a úsáid lena gcuid smaointe agus mothúchán a chur in iúl	Struchtúr • a gcuid scríbhneoireachta a struchtúrú mar is cuí, mar shampla, tús, lár agus deireadh a bheith ann. Stór focal • a gcuid smaointe, mothúchán, barúlacha agus tuairimí a chur in iúl ar thopaicí nach mbaineann go díreach lena n-eispéireas féin. • teanga a úsáid, a chuireann míniú agus cur síos breise ar fáil, rud a fhágann go bhfuil a gcuid scríbhneoireachta níos suimiúla don léitheoir.
• **smaointe a fhorbairt, a chur in iúl agus i láthair i bhfoirmeacha agus i bhformáidí éagsúla, agus acmhainní traidisiúnta agus digiteacha in úsáid le haghaidh spriocghrúpaí agus cuspóirí difriúla;**		• scríobh i bhfoirm áirithe, de réir threoir an mhúinteora agus riachtanais an taisc.	• scríobh i bhfoirm áirithe agus riachtanais na gcritéar ratha a chomhlíonadh de réir mar a aontaíodh leis an mhúinteoir iad. • seifteanna cur i láthair a úsáid, mar shampla, eolas a leagan amach go gonta, ceannteideal agus íomhánna a fhóireann don tasc a úsáid.
• **scríobh le cruinneas agus le hoilteacht atá ag méadú.**	• a léiriú go bhfuil smacht éigin acu ar mhéid, cruth agus treoshuíomh litreacha cás íochtair agus litreacha cás uachtair. Litriú • a gcuid eolais ar na fuaimeanna atá ag litreacha a úsáid le tabhairt faoi fhocail a scríobh. • focail a fheiceann siad agus a úsáideann siad go minic a scríobh.	• a léiriú go bhfuil smacht acu ar phróiseas fisiceach na peannaireachta agus scríobhann siad sa dóigh gur féidir a gcuid oibre a léamh go furasta. Litriú • scríobh ar dhóigh a fhágann gur féidir focail choitianta a bhfuil mílitriú iontu a léamh agus a thuiscint toisc iad a bheith inléite ó thaobh na foghraíochta de, *madadh*, mar shampla, a bheith scríofa mar *madú*. Poncaíocht • ceannlitreacha agus lánstadanna a úsáid.	• peannaireacht a dhéanamh go cruinn agus ar cóimhéid. Litriú • straitéisí éagsúla litrithe agus a gcuid eolais ar chúrsaí fónaice a úsáid le focail a litriú mar is ceart. • áiseanna a úsáid le litriú a sheiceáil más gá. Poncaíocht • ceannlitreacha, lánstadanna, comharthaí ceiste agus comharthaí uaillbhreasa a úsáid. Struchtúr abairtí • tús a chur le habairtí ar bhealaí éagsúla le go mbeidh an scríbhneoireacht níos suimiúla agus le hathrá a sheachaint. Gramadach • gramadach bhunúsach a úsáid amhail 'Rinne mé'/'Ní dhearna mé'. • abairtí a scríobh agus iad ag baint úsáid chuí as briathra, ainmfhocail, aidiachtaí agus dobhriathra.

Leibhéal 4	Leibhéal 5	Leibhéal 6	Leibhéal 7
De ghnáth beidh daltaí ábalta:	**De ghnáth beidh daltaí ábalta:**	**De ghnáth beidh daltaí ábalta:**	**De ghnáth beidh daltaí ábalta:**
• a gcuid scríbhneoireachta a phleanáil agus úsáid a bhaint as an phlean agus iad ag scríobh. • a gcuid scríbhneoireachta a fheabhsú, aiseolas a chur san áireamh agus machnamh a dhéanamh ar chruinneas na ngnéithe seo a leanas: ábhar, brí, litriú, poncaíocht, gramadach agus struchtúr na n-abairtí.	• a gcuid scríbhneoireachta a phleanáil agus úsáid a bhaint as an phlean agus iad ag scríobh. • athdhréachtú le cruinneas agus brí a fheabhsú.	• a gcuid scríbhneoireachta a phleanáil agus úsáid a bhaint as an phlean agus iad ag scríobh. • scríbhneoireacht a athdhréachtú go neamhspleách ar mhaithe le héifeacht, agus an teanga agus an struchtúr atá roghnaithe acu a chosaint.	• a gcuid scríbhneoireachta a phleanáil agus úsáid a bhaint as an phlean agus iad ag scríobh. • mar chuid den phróiseas eagarthóireachta, focail agus frásaí áirithe a roghnú agus a úsáid go comhfhiosach le dul i bhfeidhm ar an léitheoir/an lucht léite.
Struchtúr • a gcuid scríbhneoireachta a eagrú sa dóigh go sreabhann sí go soiléir. **Stór focal** • smaointe, mothúcháin, barúlacha agus tuairimí a chur in iúl, ag tabhairt fáthanna nuair is cuí. • brí a chur in iúl go soiléir, stór focal cuí agus leibhéal cuí mionsonraí in úsáid.	**Struchtúr** • paragraif a eagrú go soiléir agus iad a úsáid nuair is cuí. **Stór focal** • stór focal cruinn a úsáid le smaointe a chur in iúl go soiléir. (Píosaí sínte scríbhneoireachta de ghnáth)	**Struchtúr** • struchtúr a úsáid ar mhaithe le éifeacht bheartaithe. **Stór focal** • stór focal sofaisticiúil a úsáid ó am go chéile. • a gcuid smaointe agus a gcuid barúlacha a fhorbairt go héifeachtach, agus iad dírithe ar an ábhar agus iad a chur i láthair ionas gur suim leis an léitheoir iad.	**Struchtúr** • struchtúr a úsáid go samhlaíoch le héifeacht ar leith nó tionchar ar leith a imirt. **Stór focal** • stór focal casta a úsáid. • a gcuid smaointe agus a gcuid barúlacha a fhorbairt go muiníneach, éifeachtach, ionas go dtéann siad i bhfeidhm ar an léitheoir agus scil á léiriú acu.
• foirm atá fóirsteanach do lucht léite agus do chuspóir na scríbhneoireachta a roghnú agus a úsáid. • gnéithe den chur i láthair, mar shampla, leagan amach, íomhánna agus dathanna, a úsáid ar bhealach a léiríonn tuiscint ar an chuspóir agus ar an spriocghrúpa.	• cuspóir an taisc a aithint go soiléir agus an fhoirm a úsáid go cuí. • stíl scríbhneoireachta a fhóireann don fhoirm, don spriocghrúpa agus don chuspóir a úsáid. • faisnéis a chur i láthair ar dhóigh atá fóirsteanach don tasc. • gnéithe den chur i láthair, mar shampla, íomhánna, dathanna, íomhánna gluaisteacha agus fuaimeanna a úsáid a fhóireann don chuspóir agus don spriocghrúpa.	• cuspóir an taisc a aithint go soiléir agus an fhoirm a úsáid ar mhaithe le héifeacht. • cinntí a dhéanamh maidir le stíl agus le ton ceart don spriocghrúpa agus don chuspóir. • faisnéis a chur i láthair ar dhóigh a chruthaíonn éifeacht shonrach don spriocghrúpa. • seifteanna cur i láthair a úsáid, mar shampla leagan amach, íomhánna, dath, íomhánna gluaiste agus fuaim ar mhaithe le héifeacht.	• tuiscint shoiléir ar spriocghrúpa agus ar chuspóir a léiriú, ag baint úsáid chuí as an fhoirm ar mhaithe le héifeacht. • stíl, ton agus cur i láthair a mheaitseáil agus a ionramháil le téacs suntasach a scríobh.
Litriú • litriú cruinn a úsáid bunús an ama. • formhór na bhfocal coitianta a litriú. **Poncaíocht** • réimse níos leithne poncaíochta a úsáid camóga, uaschamóga agus comharthaí athfhriotail san áireamh. **Struchtúr abairtí** • ord na bhfocal a athrú agus focail nasctha a úsáid in abairtí. **Gramadach** • gramadach chruinn a úsáid bunús an ama. • aimsirí a úsáid mar is cuí taobh istigh den fhoirm scríbhneoireachta roghnaithe.	**Litriú** • focail choitianta chomh maith le roinnt focal neamhchoitianta a litriú mar is ceart. **Poncaíocht** • réimse de chomharthaí poncaíochta coitianta a roghnú agus a úsáid go cruinn seasta ar dhóigh a thacaíonn le brí na scríbhneoireachta. **Struchtúr abairtí** • fad agus struchtúr na n-abairtí a athrú le brí a chur in iúl go soiléir. **Gramadach** • gnásanna na gramadaí a chur i bhfeidhm.	**Litriú** • focail choitianta agus roinnt focal níos casta a litriú go cruinn. **Poncaíocht** • poncaíocht a úsáid go cruinn agus go seasta ar mhaithe le héifeacht. **Struchtúr abairtí** • fad agus struchtúr abairtí a athrú d'aon turas ar mhaithe le héifeacht nó le ciall a threisiú. **Gramadach** • gnásanna na gramadaí a chur i bhfeidhm.	**Litriú** • focail choitianta agus focal níos casta a litriú go cruinn. **Poncaíocht** • poncaíocht a úsáid go cruinn agus go seasta le tionchar a imirt. **Struchtúr abairtí** • fad agus struchtúr abairtí a athrú d'aon turas le tionchar a imirt. **Gramadach** • gnásanna na gramadaí a chur i bhfeidhm.

Scríbhneoireacht Dhioscúrsach/Scríbhneoireacht Áititheach

Cuspóir: ar mhaithe le hargóint, áitiú, plé, agus anailís a dhéanamh
Samplaí: aiste dhioscúrsach, caint áititheach, óráid.

Riachtanais **Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:**	**Leibhéal 1** **De ghnáth beidh daltaí ábalta:**	**Leibhéal 2** **De ghnáth beidh daltaí ábalta:**	**Leibhéal 3** **De ghnáth beidh daltaí ábalta:**
• **labhairt ar obair, í a phleanáil agus a chur in eagar;**			• spreagthaí scríbhneoireachta a úsáid le pleanáil a dhéanamh agus tabhairt faoin phleanáil a léiriú ina gcuid scríbhneoireachta. • athruithe a dhéanamh lena gcuid oibre a fheabhsú.
• **faisnéis, brí, mothúcháin, samhluithe agus smaointe a chur in iúl ar dhóigh shoiléir eagraithe;**			Struchtúr • a gcuid scríbhneoireachta a struchtúrú mar is cuí, mar shampla, tús, lár agus deireadh a bheith ann. Stór focal • a gcuid smaointe, mothúchán, barúlacha agus tuairimí a chur in iúl ar thopaicí nach mbaineann go díreach lena n-eispéireas féin. • stór focal cuí atá ag méadú a úsáid, a chuireann míniú agus cur síos breise ar fáil, rud a fhágann go bhfuil a gcuid scríbhneoireachta níos suimiúla don léitheoir.
• **smaointe a fhorbairt, a chur in iúl agus i láthair i bhfoirmeacha agus i bhformáidí éagsúla, agus acmhainní traidisiúnta agus digiteacha in úsáid le haghaidh spriocghrúpaí agus cuspóirí difriúla;**			• scríobh i bhfoirm áirithe agus riachtanais na gcritéar ratha a chomhlíonadh de réir mar a aontaíodh leis an mhúinteoir iad.
• **scríobh le cruinneas agus le hoilteacht atá ag méadú.**			• peannaireacht a dhéanamh go cruinn agus ar cóimhéid. Litriú • straitéisí éagsúla litrithe agus a gcuid eolais ar chúrsaí fónaice a úsáid le focail a litriú mar is ceart. • áiseanna a úsáid le litriú a sheiceáil más gá. Poncaíocht • ceannlitreacha, lánstadanna, comharthaí ceiste agus comharthaí uaillbhreasa a úsáid. Struchtúr abairtí • tús a chur le habairtí ar bhealaí éagsúla le go mbeidh an scríbhneoireacht níos suimiúla agus le hathrá a sheachaint. Gramadach • gramadach bhunúsach a úsáid amhail 'Rinne mé'/'Ní dhearna mé'.

Leibhéal 4	Leibhéal 5	Leibhéal 6	Leibhéal 7
De ghnáth beidh daltaí ábalta:	**De ghnáth beidh daltaí ábalta:**	**De ghnáth beidh daltaí ábalta:**	**De ghnáth beidh daltaí ábalta:**
• a gcuid scríbhneoireachta a phleanáil agus úsáid a bhaint as an phlean agus iad ag scríobh. • a gcuid scríbhneoireachta a fheabhsú, aiseolas a chur san áireamh agus machnamh a dhéanamh ar chruinneas na ngnéithe seo a leanas: ábhar, brí, litriú, poncaíocht, gramadach agus struchtúr na n-abairtí.	• a gcuid scríbhneoireachta a phleanáil agus úsáid a bhaint as an phlean agus iad ag scríobh. • athdhréachtú le cruinneas agus brí a fheabhsú.	• a gcuid scríbhneoireachta a phleanáil agus úsáid a bhaint as an phlean agus iad ag scríobh. • scríbhneoireacht a athdhréachtú go neamhspleách ar mhaithe le héifeacht, agus an teanga agus an struchtúr atá roghnaithe acu a chosaint.	• a gcuid scríbhneoireachta a phleanáil agus úsáid a bhaint as an phlean agus iad ag scríobh. • mar chuid den phróiseas eagarthóireachta, focail agus frásaí áirithe a roghnú agus a úsáid go comhfhiosach le dul i bhfeidhm ar an léitheoir/an lucht léite.
Struchtúr • a gcuid scríbhneoireachta a eagrú sa dóigh go sreabhann sí go soiléir. **Stór focal** • smaointe, mothúcháin, barúlacha agus tuairimí a chur in iúl, ag tabhairt fáthanna nuair is cuí. • brí a chur in iúl go soiléir, stór focal cuí agus leibhéal cuí mionsonraí in úsáid.	**Struchtúr** • paragraif a eagrú go soiléir agus iad a úsáid nuair is cuí. **Stór focal** • stór focal cruinn a úsáid le smaointe a chur in iúl go soiléir. (Píosaí sínte scríbhneoireachta de ghnáth)	**Struchtúr** • struchtúr a úsáid ar mhaithe le héifeacht sonrach. **Stór focal** • stór focal sofaisticiúil a úsáid ó am go chéile. • fianaise a léiriú d'fhorbairt éifeachtach ina bhfuil smaointe leathnaithe ar dhóigh a mbeidh suim ag léitheoirí iontu. • faisnéis a úsáid mar fhianaise a thacóidh le barúlacha.	**Struchtúr** • struchtúr a úsáid go samhlaíoch le héifeacht ar leith nó tionchar ar leith a imirt. **Stór focal** • stór focal casta a úsáid. • forbairt mhuiníneach éifeachtach a léiriú ar dhóigh a imríonn tionchar agus a léiríonn scil. • forbairt smaointe casta a léiriú go muiníneach éifeachtach i gcónaí le barúil a threisiú.
• foirm atá fóirsteanach do lucht léite agus do chuspóir na scríbhneoireachta a roghnú agus a úsáid.	• scríbhneoireacht a mheaitseáil le cuspóir agus spriocghrúpa agus faisnéis a chur i láthair go héifeachtach, stíl fhoirmiúil á húsáid san áit chuí. • scríbhneoireacht a struchtúrú ar dhóigheanna a fhóireann don fhoirm, mar shampla, le dearcadh cothromaithe a chur i láthair.	• an fhoirm a úsáid go cuí agus ar mhaithe le héifeacht chun aitheantas ar spriocghrúpa agus ar chuspóir a léiriú. • stíl agus ton a úsáid ar mhaithe le héifeacht bheartaithe. • scríbhneoireacht a struchtúrú ar dhóigheanna a chruthaíonn éifeacht ar an spriocghrúpa, mar shampla le dearcadh cothromaithe a chur in iúl.	• tuiscint shoiléir ar spriocghrúpa agus ar chuspóir a léiriú, ag baint úsáid chuí as an fhoirm ar mhaithe le héifeacht. • stíl, ton agus cur i láthair a mheaitseáil agus a ionramháil le téacs suntasach a scríobh.
Litriú • litriú cruinn a úsáid bunús an ama. • formhór na bhfocal coitianta a litriú. **Poncaíocht** • réimse níos leithne poncaíochta a úsáid camóga, uaschamóga agus comharthaí athfhriotail san áireamh. **Struchtúr abairtí** • ord na bhfocal a athrú agus focail nasctha a úsáid in abairtí. **Gramadach** • gramadach chruinn a úsáid bunús an ama. • aimsirí a úsáid mar is cuí taobh istigh den fhoirm scríbhneoireachta roghnaithe.	**Litriú** • focail choitianta chomh maith le roinnt focal neamhchoitianta a litriú mar is ceart. **Poncaíocht** • réimse de chomharthaí poncaíochta coitianta a roghnú agus a úsáid go cruinn seasta ar dhóigh a thacaíonn le brí na scríbhneoireachta. **Struchtúr abairtí** • fad agus struchtúr na n-abairtí a athrú le brí a chur in iúl go soiléir. **Gramadach** • gnásanna na gramadaí a chur i bhfeidhm.	**Litriú** • focail choitianta chomh maith le roinnt focal casta a litriú mar is ceart. **Poncaíocht** • poncaíocht a úsáid go cruinn agus go seasta ar mhaithe le héifeacht. **Struchtúr abairtí** • fad agus struchtúr abairtí a athrú d'aon turas ar mhaithe le héifeacht nó le ciall a threisiú. **Gramadach** • gnásanna na gramadaí a chur i bhfeidhm.	**Litriú** • focail choitianta agus focal níos casta a litriú go cruinn. **Poncaíocht** • poncaíocht a úsáid go cruinn agus go seasta le tionchar a imirt. **Struchtúr abairtí** • fad agus struchtúr abairtí a athrú d'aon turas le tionchar a imirt. **Gramadach** • gnásanna na gramadaí a chur i bhfeidhm.

Foilseachán de chuid CCEA © 2013

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT**
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 🖷 +44 (0)28 9026 1234 ☎ +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk

Rewarding Learning